C/2025/6712

17.12.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Nollaig 2025

lena gceaptar beirt chomhaltaí agus triúr comhaltaí malartacha ar Bhord Riaracháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh

(C/2025/6712)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ([1]), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 go gceapfaidh an Chomhairle cúigear comhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Bord Riaracháin').

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 nach bhfuil comhalta den Bhord Riaracháin le bheith ina chomhalta de Bhord Rialálaithe Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus go bhfuil comhaltaí an Bhoird Riaracháin le gníomhú go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leas an Aontais ina iomláine.

(3) Ó tharla go bhfuil téarma oifige bheirt chomhaltaí agus triúr comhaltaí malartacha den Bhord Riaracháin arna gceapadh ag an gComhairle ag dul in éag, ba cheart ceapacháin nua a chur ina n-ionad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí ar an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse 4 bliana ón 28 Eanáir 2026:

— Václav BARTUŠKA, an tSeicia,

— Jorge SOUSA, an Phortaingéil.

Airteagal 2

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí malartacha ar an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse 4 bliana ón 28 Eanáir 2026:

— Atanas GEORGIEV, an Bhulgáir,

— Boris MAKŠIJAN, an Chróit,

— Oliver PÚČEK, an tSlóvaic.

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/942/oj.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. JENSEN